Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2012

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Gnó

## Gnáthleibhéal

# AN ARDTEISTIMÉIREACHT 2012

# GNÓ – GNÁTHLEIBHÉAL

# SCÉIM MHARCÁLA AGUS NÓTAÍ TACAÍOCHTA

Scéim Mharcála agus Nótaí Tacaíochta le húsáid leis an Scéim Mharcála.

Agus an scéim mharcála á breithniú is cóir na pointí a leanas a chur san áireamh:

- Níl na nótaí tacaíochta seo uileghabhálach ná cinntitheach.
- I gcuid mhaith cásanna d'fhéadfadh go mbeadh eochairfhrásaí, a chaithfidh a bheith i bhfreagra an iarrthóra le go dtuillfidh sé na marcanna sannta, sna nótaí tacaíochta.
- Déantar pointí iomchuí breise a chuireann iarrthóirí i láthair a mharcáil agus a chúiteamh de réir fiúntais.
- Cinntítear an mionsonrú a theastaíonn i bhfreagra ar bith tríd an gcomhthéacs agus tríd an mbealach ina gcuirtear an cheist, agus trí líon na marcanna a shanntar don fhreagra ar an scrúdpháipéar. Is féidir, mar sin, go n-athróidh riachtanais ó bhliain go bliain.

# AN ARDTEISTIMÉIREACHT: GNÓ – GNÁTHLEIBHÉAL 2012

# SCÉIM MHARCÁLA

## ROINN 1 100 MARC

FREAGAIR 10 GCEIST – TÁ 10 MARC AG GABHÁIL LE GACH CEIST

| CEIST | SCÉIM MHARCÁLA | IOMLÁN NA MARCANNA |
|---|---|---|
| 1 | An 1ú téarma ceart 2m+1m+1m<br>An 2ú téarma ceart 1m+1m+1m<br>An 3ú téarma ceart 1m+1m+1m | 10 |
| 2 | Míniú 4 mharc<br>**Dhá** fhreagracht 3m+3m | 10 |
| 3 | (i) **Dhá** shampla 3m+3m<br>(ii) **Dhá** chúis 2m+2m | 10 |
| 4 | **Dhá** bhuntáiste @ 5m | 10 |
| 5 | (i) 5 mharc as an bhfreagra ceart<br>(ii) 5 mharc as an bhfreagra ceart<br>(suas le 3 mharc as oibrithe amach, mura bhfuil an freagra ceart) | 10 |
| 6 | Dhá thoisc @ 5 mharc an ceann | 10 |
| 7 | Míniú 6 mharc (3m+3m)<br>Sampla 4 mharc | 10 |
| 8 | **Cúig** fhreagra @ 2 mharc an ceann | 10 |
| 9 | **Dhá** thréith @ 5 mharc an ceann | 10 |
| 10 | **Cúig** fhreagra @ 2 mharc an ceann | 10 |
| 11 | **Dhá** chúis – Cóir 3m + 2m<br>**Dhá** chúis – Éagórach 3m + 2m | 10 |
| 12 | Leagan amach 6 mhír @ 1 mharc an ceann<br>Ábhar 4 mharc | 10 |
| 13 | Míniú 6 mharc (3m+3m)<br>Buntáiste 4 mharc | 10 |
| 14 | **Dhá** bhuntáiste @ 5 mharc (3m+2m) | 10 |
| 15 | **Trí** mhodh 4m+3m+3m | 10 |

# ROINN 2 – 300 MARC

## CUID 1

**ÍOSMHÉID: CEIST AMHÁIN (75 MARC)**

**UASMHÉID: DHÁ CHEIST(150 MARC)**

### DAOINE SA GHNÓ

### CEIST 1

| | | | |
|---|---|---|---|
| **1 (A)** | Míniú ar Chonradh<br>10m (4m + 3m + 3m) | 4m + 3m + 3m | 10 |
| **1 (B)** | **Trí** mhír<br>10m – Míniú (9m) + tagairt (1m)<br>10m – Míniú (9m) + tagairt (1m)<br>5m – Míniú (4m) + tagairt (1m) | 10m + 10m + 5m | 25 |
| **1 (C)** | **Dhá** mhíniú (glactar le samplaí)<br>8 marc<br>7 marc | 8m + 7m | 15 |
| **1 (D) (i)** | Míniú **nó** tagairt don téacs: 10m | 10m | 10 |
| **1 (D) (ii)** | **Dhá** fheidhm<br>12 mharc<br>3 mharc | 12m + 3m | 15 |

### AN TIMPEALLACHT INTÍRE

### CEIST 2

| | | | |
|---|---|---|---|
| **2 (A)** | **Dhá** litir @ 2 mharc an ceann<br>Feidhm **amháin** @ 6m (3m + 3m) | 4m + 6m | 10 |
| **2 (B)** | **Dhá** mhíniú @ 10 marc (5m + 5m) | 10m + 10m | 20 |
| **2 (C)** | **Dhá** bhuntáiste don bhaile<br>2 @ 10 marc (5m + 5m) | 10m + 10m | 20 |
| **2 (D)** | Míniú ar 'Dheontas' @ 6 mharc (3m + 3m)<br>Buntáiste amháin @ 4 mharc | 6m + 4m | 10 |
| **2 (E)** | Dhá bhealach le feidhmiú go heiticiúil i leith custaiméirí<br>8 marc + 7 marc | 8m + 7m | 15 |

# TIMPEALLACHT INTÍRE/IDIRNÁISIÚNTA

## CEIST 3

| | | | |
|---|---|---|---|
| **3 (A)** | (i) Chomhardú na Trádála<br>Ríomh – 10 marc (3m + 3m + 4m)<br>(ii) Barrachas – 5 mharc | 3m +3m +4m<br>5m | 15 |
| **3 (B)** | (i) Mínigh 'onnmhaire/easpórtáil shofheicthe'<br>9m (5m + 4m)<br>(ii) **Dhá** shampla – 3 mharc an ceann | 5m + 4m<br>2 x 3m | 15 |
| **3 (C)** | **Dhá** bhuntáiste a bhaineann le trádáil idirnáisiúnta<br>8m (4 m + 4 m)<br>7m (4 m + 3 m) | 8m + 7m | 15 |
| **3 (D)** | **Dhá** shlí a dtéann ísliú rátaí i bhfeidhm ar theaghlaigh in Éirinn<br>8m (4 m + 4 m)<br>7m (4 m + 3 m) | 8m + 7m | 15 |
| **3 (E)** | **Dhá** shlí a dtéann ardú ar an ráta CBL i bhfeidhm ar mhiondíoltóirí na hÉireann<br>8m (4 m + 4 m)<br>7m (4 m + 3 m) | 8m + 7m | 15 |

# CUID 2

## ÍOSMHÉID: 2 CHEIST (150 MARC)

## UASMHÉID: 3 CHEIST (225 MARC)

# FIONTRAÍOCHT/BAINISTÍOCHT

## CEIST 4

| | | | |
|---|---|---|---|
| **4 (A)** | **Trí** scil/thréith fiontraíochta<br>@ 5 mharc an ceann (3m + 2m) | 3 x 5m | 15 |
| **4 (B)** | Fógra: 7 mír @ 2m<br>'Clár Oibre': 1m<br>Ábhair an chláir oibre: 4 mhír (3m+3m+2m+2m) | 14m<br>1m<br>10m | 25 |
| **4 (C)** | **Dhá** bhuntáiste a bhaineann le cruinnithe<br>@ 5 mharc an ceann | 2 x 5m | 10 |
| **4 (D)** | **Dhá** fheidhm atá ag an gCathaoirleach<br>@ 5 mharc an ceann | 2 x 5m | 10 |
| **4 (E)** | **Dhá** bhuntáiste a bhaineann le Pleanáil<br>8m (4 m + 4 m)<br>7m (4 m + 3 m) | 8m + 7m | 15 |

## BAINISTÍOCHT

# CEIST 5

| | | | |
|---|---|---|---|
| **5 (A)** | **Trí** mhíniú @ 5 m | 3 x 5m | 15 |
| **5 (B)** | **Dhá** mhíniú ar Phrionsabail Árachais<br>8m – Míniú (3 m + 2 m) + sampla (3 m)<br>7m – Míniú (3 m + 2 m) + sampla (2 m) | 8m + 7m | 15 |
| **5 (C)** | **Dhá** mhíniú ar théarmaí @ 5 m | 2 x 5m | 10 |
| **5 (D)** | **Ríomh an Phá Ghlain**<br>Ceithre fhigiúr @ 4 mharc an ceann<br>Ceithre fhigiúr @ 1 mharc an ceann | 4 x 4m<br>4 x 1m | 20 |
| **5 (E)** | **Dhá** bhuntáiste a bhaineann le Léasú nó le hIasacht Théarmach<br>8m<br>7m | 8m + 7m | 15 |

## BAINISTÍOCHT

# CEIST 6

| | | | |
|---|---|---|---|
| **6 (A)** | **Dhá** fheidhm atá ag Bainisteoir Acmhainní Daonna<br>**Dhá cheann ar bith** de (i), (ii) nó (iii):<br>(i) 2 @ 5 m<br>(ii) 2 @ 5 m<br>(iii) 2 @ 5 m | 2 x 10m | 20 |
| **6 (B)** | **Trí** rud a bhíonn i Jabthuairisc @ 5 mharc an ceann | 3 x 5m | 15 |
| **6 (C)** | 'Coimisiún'<br>Míniú 4 m<br>Sampla 4 m<br><br>'Sochar Comhchineáil'<br>Míniú 4 m<br>Sampla 3 m | 8m + 7m | 15 |
| **6 (D)** | **Dhá** bhuntáiste a bhaineann le hobair bhuíne @ 5 mharc | 2 x 5m | 10 |
| **6 (E)** | **Trí úsáid eile** a bhaintear as TF @ 5 mharc an ceann | 3 x 5m | 15 |

# GNÓ I NGNÍOMH

# CEIST 7

| | | | |
|---|---|---|---|
| **7 (A)** | **Dhá** chúis le Plean Gnó @ 10 m (8 + 2) | 10m | 10 |
| **7 (B)** | **Trí** thoisc roimh fhoinse airgeadais a roghnú<br>6 m + 6 m + 3 m | 15m | 15 |
| **7 (C)** | **Dhá** phróiseas táirgthe:<br>'Jabtháirgeadh'<br>Míniú 4 m<br>Sampla 4 m<br><br>'Baisctháirgeadh'<br>Míniú 4 m<br>Sampla 3 m | 8m + 7m | 15 |
| **7 (D)** | **Dhá** riosca agus **dhá** luach saothair a bhaineann le trádálaí aonair<br>2 riosca @ 5 mharc<br>2 luach saothair @ 5 mharc | 10m<br>10m | 20 |
| **7 (E)** | (i) Mínigh an téarma 'spriocmhargadh'<br>8 marc<br>(ii) Ainmnigh **dhá** spriocmhargadh fhéideartha.<br>7 marc (6 m + 1 m) | 8m<br>7m | 15 |

# GNÓ I NGNÍOMH

# CEIST 8

| | | | |
|---|---|---|---|
| **8 (A)** | 'Taighde Allamuigh'<br>Míniú 5m (3 m + 2 m)<br>Sampla 5m<br>'Taighde Deisce'<br>Míniú 5m (3 m + 2 m)<br>Sampla 5m | 2 x 10m | 20 |
| **8 (B)** | (i) Mínigh 'Bealach Dáileacháin': 8 m (4 + 4)<br>(ii) Léaráid – 7 marc | 8m<br>7m | 15 |
| **8 (C)** | **Dhá** mhodh chun Tionscnamh Díolacháin a dhéanamh @ 5 mharc | 2 x 5m | 10 |
| **8 (D)** | **Trí** thoisc i bpraghas a shocrú<br>@ 5 mharc (3 m + 2 m) | 3 x 5m | 15 |
| **8 (E)** | **Trí** bhuntáiste a bhaineann le brandáil<br>@ 5 mharc (3 m + 2 m) | 3 x 5m | 15 |

# Nótaí Tacaíochta

## ROINN 1

1 **Cad dó a seasann na litreacha seo a leanas?**

CBL Cáin Bhreisluacha
CCO An Coimisiún um Chaidreamh Oibreachais
BCB An Banc Ceannais Eorpaigh

2 **(a) Mínigh an téarma 'fostóir'.**

Is fostóir é duine nó gnóthas a fhostaíonn fostaithe/foireann chun earraí a tháirgeadh nó seirbhísí a sholáthar agus íocann an fostóir pá/tuarastal comhaontaithe leo as a gcuid oibre.

**(b) Tabhair breac-chuntas ar dhá fhreagracht atá ar fhostóir**

(i) ionad oibre atá sábháilte folláin a sholáthar
(ii) an pá comhaontaithe a íoc as an obair atá déanta (an Ráta Pá Íosta ar a laghad)
(iii) cloí leis an reachtaíocht e.g. Comhionannas Fostaíochta, Dífhostú Éagórach
(iv) conradh fostaíochta a sholáthar
(v) na taifid chuí a choinneáil maidir le tuairisceáin cháin ioncaim agus ÁSPC
(vi) saoire bhliantúil iomchuí a chur ar fáil de réir na reachtaíochta.

3 **(i) Liostaigh dhá shampla de Chaiteachas Rialtais ar Shláinte**

- Íocaíocht pá/tuarastail le dochtúirí/altraí/baill foirne
- Cártaí Leighis
- Soláthairtí leighis in ospidéil
- Maoiniú FSS chun an costas a bhaineann le hospidéil/hionaid chúraim a reáchtáil a sholáthar
- Leigheasanna/oidis
- Seirbhís otharcharranna
- Seirbhísí eile – seirbhísí síceolaíocha/síciatrachta/teiripí.

**(ii) Tabhair breac-chuntas ar dhá chúis atá leis an leibhéal ard caiteachais ar Choimirce Shóisialta / Leasa Sóisialta**

- Méadú ar an dífhostaíocht
- Méadú ar an ráta breithe – liúntais leanaí
- Pinsin/sochar stáit – maireann daoine níos faide
- Méadú ar líon daoine ag iarraidh liúntais chíosa

4 **Tabhair breac-chuntas ar dhá bhuntáiste a bhaineann gnólacht as córas maith rialaithe stoic**

(i) Comhlíonfar éilimh chustaiméirí má tá an méid/leibhéal ceart stoic ann i gcónaí
(ii) Ní chaillfear aon díolacháin ná brabúis ná custaiméirí ionchasacha mar gheall ar ghanntanas stoic
(iii) Ní rachaidh stoc as feidhm ná as dáta
(iv) Úsáidfear caipiteal oibre ar bhealach éifeachtúil – ní shrianfar é le barraíocht stoic
(v) Baol níos lú ann i leith mionghadaíochta
(vi) Coinneofar costais stórála ar an méid is lú.

**5** **Ríomh:**

(i) **Corrlach an Bhrabúis Chomhláin** =

$$\frac{\text{Brabús Comhiomlán}}{\text{Díolacháin}} \times \frac{100}{1} = \frac{84{,}000}{420{,}000} \times \frac{100}{1} = 20\%$$

**(ii)** **Corrlach an Bhrabúis Ghlain =**

$$\frac{\text{Brabús Glan}}{\text{Díolacháin}} \times \frac{100}{1} = \frac{31{,}500}{420{,}000} \times \frac{100}{1} = 7.5\%$$

**6** **Comhlánaigh na Tosca Táirgthe atá ar iarraidh**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **TALAMH** | *SAOTHAR* | **CAIPITEAL** | *FIONTRAÍOCHT* |

**7** **Tabhair breac-chuntas ar an tuiscint atá agat ar 'Gnólacht Domhanda' agus tabhair sampla amháin**.

Díolann Gnólacht Domhanda táirge caighdeánaithe ar fud an domhain trí úsáid a bhaint as Cumasc Margaíochta caighdeánaithe. Ceapann sé gur margadh amháin é an domhan.
Sampla: Nike, Coca-Cola, Toyota, Apple, etc.

**8** **Fíor nó Bréagach:**

1 FÍOR
2 BRÉAGACH
3 BRÉAGACH
4 FÍOR
5 FÍOR

**9** **Tabhair breac-chuntas ar dhá thréith a bhaineann le ceannaire uathlathach:**

- Is beag muinín nó iontaoibh atá ag an gceannaire uathlathach as a f(h)oireann.
- Tá sé/sí neamhthoilteanach cumhacht agus freagracht a tharmligean d'íochtaráin/ba mhaith leis/léi a bheith i gceannas
- Déanann sé/sí na cinntí go léir agus déanann sé/sí neamhaird de thuairimí daoine eile.
- Úsáideann sé/sí údarás le comhaontú a bhrú isteach agus d'fhéadfadh sé/sí imeaglú nó eagla a úsáid.

**10** Téarmaí Gnó:

| 1. | 2. | 3. | 4. | 5. |
|---|---|---|---|---|
| **F** | **E** | **A** | **B** | **C** |

**11 (i) Tabhair breac-chuntas ar dhá chúis le dífhostú cóir agus dhá chúis le dífhostú éagórach faoi na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach 1977-2007:**

**Cóir**:

- Cáilíochtaí atá mí-oiriúnach don phost
- Neamhinniúlacht/neamhábalta na dualgais riachtanacha a dhéanamh; neamhábalta an obair a dhéanamh
- Iompraíocht mhíchuí/dho-ghlactha/mí-iompraíocht fostaí
- Iomarcaíocht – mar gheall ar dhúnadh nó iomaíocht

**Éagórach**:

- Tuairimí reiligiúnacha
- Tuairimí polaitíochta
- Cine nó dath craicinn
- Gnéaschlaonadh
- Duine den Lucht Siúil
- Roghnú éagórach i leith iomarcaíochta
- Toircheas, leanbh a bhreith nó aon saincheisteanna a bhaineann le toircheas nó breith
- Leas a bhaint as na cearta dlíthiúla chun saoire mháithreachais, saoire chúramóra nó saoire thuismitheoirí
- Ballraíocht nó ballraíocht bheartaithe de cheardchumann nó páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí ceardchumainn, bíodh siad le linn oibre nó lasmuigh d'uaireanta oibre
- Imeachtaí dlí in aghaidh fostóra i gcás inar páirtí nó finné é fostaí.

**12** **MEAMRAM**

**Chuig**: Gach ball den cheardchumann
**Ó**: Jennifer Nic an Rí
**Dáta**: 14 Meitheamh 2012
**Maidir le:** Cruinniú brainse de chuid an Cheardchumainn

Tionólfar cruinniú brainse (de chuid an cheardchumainn) sa (ionad) cheaintín ag (am) 5.00i.n. ar an (dáta) Luan an 18 Meitheamh 2012 le (clár oibre) iomarcaíochtaí beartaithe a phlé.

**Sínithe**: Jennifer Nic an Rí **Teideal**: Stíobhard ceardlainne

**13 Mínigh an téarma 'saincheadúnas' agus luaigh buntáiste amháin a bhaineann le saincheadúnas mar chineál úinéireachta gnó.**

Is é seo an deonú *ceadúnais* ag an saincheadúnóir don saincheadúnaí, rud a thugann an ceart don saincheadúnaí chun táirge bunaithe nó seirbhís bhunaithe an tsaincheadúnóra a sholáthar agus a dhíol. Ligeann an socrú conartha don saincheadúnaí ainm agus lógó an tsaincheadúnóra a úsáid ar feadh tréimhse shainithe. Tá an ceadúnas costasach agus ní mór céatadán de dhíolacháin/dhleachtanna a íoc ar bhonn bliantúil.

Buntáistí:

- Tá an sochar ag an saincheadúnaí ainm gnólachta dea-bhunaithe agus smaoineamh cruthaithe a ghlacadh *ar cíos*.
- Cuirtear comhairle agus oiliúint ar fáil don saincheadúnaí
- Tá baol níos lú ann go dteipfidh ar an ngnó ós rud é gur dea-bhunaithe atá ainm agus clú an ghnólachta
- Is maith a dhéantar an gnólacht a fhógairt agus a chur chun cinn de ghnáth

**14 Tabhair breac-chuntas ar dhá bhuntáiste a bhaineann gnólacht as Réamhaisnéis faoi Shreabhadh Airgid a ullmhú**

- Réamh-mheasann Réamhaisnéis faoi Shreabhadh Airgid an ghluaiseacht airgid isteach sa ghnólacht agus amach as.
- Cabhraíonn sí leis an ngnólacht i gcinnteoireacht mar go léiríonn sí insreafaí agus eis-sreafaí airgid amach anseo mar aon lena bhfoinsí agus lena n-uainiú.
- Sainaithníonn sí ganntanais airgid amach anseo agus cabhraíonn sí leis an ngnólacht a riachtanais iasachtaí a phleanáil in am.
- Cabhraíonn comparáid leis an Réamhaisnéis faoi Shreabhadh Airgid leis na figiúirí iarbhír leis an ngnólacht smacht a choinneáil ar a chuid airgid.
- Cabhraíonn sí leis an ngnólacht barrachais airgid amach anseo a úsáid chun sochair.

**15 Liostaigh trí mhodh cumarsáide seachtraí a úsáidtear sa ghnó.**

| | |
|---|---|
| *Ó bhéal* | Teileafón, cruinniú, raidió, comhdháil |
| *Scríofa* | Litir, facs, nuachtlitir, preaseisiúint, bróisiúr |
| *Leictreonach* | Ríomhphost, físchomhdháil, EDI (idirmhalartú leictreonach sonraí), láithreán Gréasáin, teachtaireacht téacs. |

# ROINN 2
# CUID 1

**CEIST 1** **DAOINE SA GHNÓ**

| | |
|---|---|
| **1(A)** | **Cad is conradh ann?**<br><br>Is comhaontú é seo atá ina cheangal dlí idir dhá pháirtí nó níos mó.<br>*e.g.* conradh maidir leis an díolachán cairr. |
| **1(B)** | **Mínigh trí cinn de na míreanna sin. Léirigh do fhreagra le tagairt don téacs a thugtar.**<br><br>**Tairiscint:**<br>Is togra/gealltanas deonach é seo ina ndéanann páirtí amháin (tairgeoir) coinníollacha go páirtí eile (tairgí) ar gá don pháirtí eile glacadh leo ionas go mbeidh sé ina cheangal dlí. Is féidir an tairiscint a dhéanamh ó bhéal, i scríbhinn nó trí iompraíocht agus is aitheantas soiléir é seo de thoilteanas an tairgeora dul isteach i gcomhaontú faoi théarmaí sainithe.<br>*e.g.* *D'aontaigh siad praghas €9,000 – thairg Seosamh €9,000 ar an gcarr*<br><br>**Glacadh:**<br>Aontú/comhaontú/toiliú le téarmaí na tairisceana. Ní mór don pháirtí eile glacadh leis an tairiscint/an tairiscint a ghlacadh mar atá sé, gan choinníollacha.<br>Is féidir glacadh léi ó bhéal, i scríbhinn nó trí iompraíocht.<br>*e.g.* *Ghlac Micheál le tairiscint Sheosaimh de €9,000*<br><br>**Comaoin:**<br>Ní mór do gach páirtí i gconradh rud éigin a bhfuil luach aige a thabhairt don pháirtí eile/ní mór rud éigin a bhfuil luach aige a mhalartú.<br>*e.g.* *Íocann Seosamh €9,000 le Micheál agus faigheann sé carr*<br><br>**Toiliú le Conrú:**<br>Ní mór don dá pháirtí i gconradh dul isteach i gconradh ar a saorthoil féin – gan brú ná éigeantas míchuí<br>*e.g.* *D'fhógair Micheál an carr don phraghas comhaontaithe agus shínigh seisean agus Seosamh na doiciméid ábhartha go léir.* |
| **1(C)** | **Mínigh 'Comhlíonadh' nó 'Dírathú'**<br><br>**Comhlíonadh:**<br>Chomhlíonann an dá pháirtí sa chonradh a n-oibleagáidí agus tá an conradh slánaithe<br>Rinne an dá pháirtí ar chomhaontaigh siad a dhéanamh.<br><br>**Dírathú:**<br>Coisceann teagmhas nach rabhthas ag súil leis slánú an chonartha. Tarlaíonn rud éigin a chiallaíonn nach féidir an conradh a shlánú<br>*e.g.* bás nó féimheacht nó gealtacht páirtí amháin de na páirtithe leis an gconradh. |

| 1(D) | **(i) Mínigh an chaoi ar bhris Garáiste Uí Mhuirí téarmaí an Achta um Chosaint Tomhaltóirí, 2007 (le tagairt don téacs a thugtar):**<br><br>Déanann an tAcht um Chosaint Tomhaltóirí, 2007,<br>• an tomhaltóir a chosaint ar fhógraíocht/fhaisnéis **bhréagach**<br>• éileamh go bhfuil an fhaisnéis i bhfógraí cothrom cruinn<br>• Faoin Acht, tá sé in éadan an dlí d'fhógróir nó do ghnólacht éilimh bhréagacha mhíthreoracha a dhéanamh maidir le hearraí, le seirbhísí nó le praghsanna.<br>*e.g.* *Fógraíodh go raibh 32,000 km ar chlog an chairr ach thaistil sé 62,000 km i ndáiríre.*<br><br>**(ii) Tabhair breac-chuntas ar dhá fheidhm atá ag an nGníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí**<br><br>Is iad seo a leanas príomhfheidhmeanna na Gníomhaireachta Náisiúnta do Thomhaltóirí:<br><br>• Sainleasanna agus leasanna na dtomhaltóirí a chur chun cinn agus a chosaint. Tomhaltóirí a chur ar an eolas faoina gcearta/bileoga faisnéise um chearta an tsiopaera a fhoilsiú/seirbhís teileafóin/láithreán Gréasáin do thomhaltóirí a sholáthar.<br>• Na dlíthe tomhaltais iomchuí a fhorfheidhmiú. Cuimsíonn na cumhachtaí sin an ceart chun dul isteach in áitreabh, chun doiciméadúchán agus fianaise eile a fháil a bhaineann le haon trádáil nó le haon ghnólacht atá á himscrúdú/imscrúdú. Áirítear ar uirlisí forfheidhmithe fógraí dianchoisc, gealltanais ó thrádálaithe, fógraí comhlíonta, fíneálacha ar an láthair as cionta a bhaineann le taispeáint praghsanna, agus an cumas "ainmniú agus aithisiú" a dhéanamh trí fhoilsiú ainmneacha trádálaithe neamhchomhlíontacha.<br>• Comhlíonadh an dlí iomchuí a spreagadh.<br>• Cásanna a tharchur chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí nuair is iomchuí.<br>• Taighde a dhéanamh ar shaincheisteanna/dhearcthaí tomhaltóirí.<br>• Comhairle a chur ar an rialtas maidir leis an tionchar a imríonn dlíthe ar thomhaltóirí<br>• Suirbhéanna praghsála a dhéanamh chun tuiscint ar dhifríochtaí praghsanna a ardú. |
|---|---|

**CEIST 2** **AN TIMPEALLACHT INTÍRE**

| | |
|---|---|
| **2(A)** | **Cad dó a seasann na litreacha SB? Luaigh feidhm amháin atá ag SB.**<br>SB = Stiúrthóir Bainistíochta<br><br>Feidhmeanna:<br>• Bainistíonn sé/sí an chuideachta ar bhonn laethúil. Tá freagracht fhoriomlán air/uirthi as reáchtáil na cuideachta.<br>• Déanann an Bord Stiúrthóirí é/í a thoghadh agus tá sé/sí freagrach don Bhord Stiúrthóirí<br>• Ní mór dó/di áirithiú go mbaineann an chuideachta a cuspóirí amach agus go gcuirtear cinntí an Bhoird chun feidhme<br>• Ní mór dó/di an Bord a chur ar an eolas faoi dhul chun cinn na cuideachta. |
| **2(B)** | **Is dhá bhuntáiste iad '<u>Dliteanas Teoranta</u>' agus '<u>Leanúnachas Gnó</u>' a bhaineann le Cuideachta Phríobháideach Theoranta. Mínigh na téarmaí sin a bhfuil líne fúthu.**<br>**Dliteanas Teoranta:**<br>Sa chás ina dteipeann ar ghnólacht/go mbreithnítear ina féimheach é, ní chaillfidh na scairshealbhóirí ach an méid a d'infheistigh siad sa ghnólacht. Ní féidir leo a réadmhaoin phríobháideach a chailleadh chun íoc as fiacha an ghnólachta.<br><br>**Leanúnachas Gnó:**<br>Ciallaíonn sé seo nach scoirtear d'fheidhmiú na cuideachta i gcás ina bhfaigheann scairshealbhóir bás nó ina bhfágann scairshealbhóir.<br>Leanann sí ar aghaidh mar is gnáth, i gcodarsnacht le trádálaí aonair. |
| **2(C)** | **Déan cur síos ar dhá bhuntáiste atá á bhfáil ag baile na Cille Duibhe toisc gur bhunaigh na deartháireacha Mhic Giolla Phádraig Gléasra Grianda Tta.**<br><br>• Cruthaíonn sé poist/fostaíocht do mhuintir na háite<br>• Gnó seachthairbhe – bainfidh gnólachtaí eile leas as Gléasra Grianda Tta. a bheith ann e.g. caithfear níos mó airgid i siopaí áitiúla, i gcaiféanna áitiúla, etc.<br>• Meallann sé gnólachtaí eile iad féin a bhunú sa cheantar, rud a chruthaíonn cultúr fiontraíochta<br>• D'fhéadfaí go gcuirfí oiliúint ar fhostaithe i scileanna nua – printíseachtaí – uasoiliúint mar thoradh air<br>• Bonneagar feabhsaithe – níos mó infheistíochta i mbóithre/seirbhísí<br>• Feabhsaíonn sé an geilleagar áitiúil – níos mó caiteachais tomhaltóirí. |

| | |
|---|---|
| **2(D)** | **Mínigh an téarma 'Deontas' agus luaigh buntáiste amháin a bhaineann le deontas mar fhoinse airgeadais.**<br>Tá deontas ina fhoinse airgeadais fhadtéarmach a thugann gníomhaireachtaí an Rialtais (Fiontraíocht Éireann/GFT Éireann/Boird Fiontar Chontae/Údarás na Gaeltachta) do ghnólacht nach gá aisíoc ar choinníoll go gcomhlíontar coinníollacha áirithe.<br>D'fhéadfaí deontais a úsáid le haghaidh cuspóirí éagsúla, e.g. ceannach monarchana/innealra, Taighde agus Forbairt, staidéir féidearthachta, oiliúint oibrithe.<br>Buntáistí:<br>• Ní gá deontais a aisíoc mura sáraítear coinníollacha an deontais<br>• Ní gá aon ús a íoc ar dheontas<br>• Tugann deontais cabhair/spreagadh do ghnólachtaí nua-thionscanta<br>• Cabhraíonn deontais le fostaíocht a chruthú – rud a chabhraíonn leis an ngeilleagar<br>• Cabhraíonn deontais le hinfheistíocht dhíreach eachtrach (FDI) a mhealladh go hÉirinn<br>• Ní imríonn an fháil deontais aon tionchar ar rialú na cuideachta<br>• Níl aon urrús/urrús comhthaobhach ag teastáil. |
| **2(E)** | **Tabhair breac-chuntas ar dhá bhealach inar féidir le Gléasra Grianda Tta feidhmiú go heiticiúil i leith a gcuid custaiméirí.**<br>• Táirgí d'ardchaighdeán a sholáthar<br>• Praghsanna réasúnta a ghearradh<br>• Áirithiú go bhfuil táirgí sábháilte agus folláin<br>• Dul i ngleic le gearáin ó chustaiméirí ar bhealach cothrom<br>• Faisnéis ionraic maidir le táirgí a sholáthar.<br>• Seirbhís iardhíola a sholáthar. |

**CEIST 3 TIMPEALLACHT INTÍRE/IDIRNÁISIÚNTA**

| | |
|---|---|
| 3(A) | **(i) Bain úsáid as an eolas thuas agus ríomh Comhardú na Trádála. (Taispeáin do chuid oibre.)**<br>**Comhardú na Trádála** = Onnmhairí Sofheicthe – Allmhairí Sofheicthe<br>= €1,400m – €1,200m = €200m<br>**(ii) Luaigh cé acu barrachas nó easnamh atá ann.** Barrachas |
| 3(B) | **(i) Mínigh an téarma 'onnmhaire/ easpórtáil shofheicthe'**<br>Is earraí fisiceacha iad onnmhairí sofheicthe a dhíolann gnólachtaí na hÉireann i dtíortha eile. Faightear airgead/airgeadra coigríche isteach in Éirinn.<br>**(ii) Ainmnigh dhá shampla d'onnmhairí/d'easpórtálacha sofheicthe i dtalmhaíocht na hÉireann.**<br>Mairteoil, im, cáis, beacáin |
| 3(C) | **Tabhair breac-chuntas ar dhá bhuntáiste a bhaineann gnó na hÉireann as a bheith gníomhach sa Trádáil Idirnáisiúnta.**<br>• Ciallaíonn margadh níos mó níos mó díolachán – tá an margadh intíre róbheag<br>• Ba cheart go mbeadh brabúis mhéadaithe mar thoradh ar dhíolacháin mhéadaithe<br>• Tagann díolacháin/ceannacháin mhéadaithe as saorthrádáil le tíortha an AE – gan bhacainní trádála<br>• Leatar an riosca gnó toisc nach bhfuiltear ag brath ar an margadh áitiúil amháin<br>• Cabhraíonn sé le gnó na hÉireann barainneacht scála a bhaint amach trí bheith ag díol i gcainníochtaí móra<br>• Ní mór do ghnó na hÉireann amhábhair riachtanacha a iompórtáil. |
| 3(D) | **Tabhair breac-chuntas ar dhá shlí a dtéann ísliú rátaí morgáiste i bhfeidhm ar theaghlaigh in Éirinn.**<br>• Cabhróidh ísliú rátaí úis mhorgáiste le mórán teaghlach in Éirinn a bhfuil deacracht acu a n-aisíocaíochtaí morgáiste a chomhlíonadh<br>• D'fhéadfadh sé cosc a chur ar an ngá le pleananna aisíocaíochta a idirbheartú le bainc/cumainn foirgníochta agus d'fhéadfadh sé an líon athshealbhuithe a laghdú.<br>• Tá níos mó ioncaim inchaite ag teaghlaigh, as a dtagann caiteachas méadaithe ar earraí agus ar sheirbhísí eile<br>• D'fhéadfadh an caiteachas méadaithe sin feabhas ar ghníomhaíocht gheilleagrach san iomlán a ghiniúint<br>• Níos mó dreasachta chun morgáiste nua a ghlacadh amach. |
| 3(E) | **Tabhair breac-chuntas ar dhá shlí a dtéann ardú ar an ráta CBL ó 21% go 23% i bhfeidhm ar mhiondíoltóirí in Éirinn.**<br>• D'fhéadfadh laghdú ar dhíolacháin agus ar bhrabúis a bheith mar thoradh air, mar gheall ar laghdú ar chaiteachas tomhaltóirí ar earraí<br>• D'fhéadfadh tomhaltóirí na hÉireann siopadóireacht ar líne a dhéanamh níos minice chun praghsanna níos saoire a fháil<br>• D'fhéadfadh dúnadh gnólachtaí teacht as ardú ar an ráta CBL mar gheall ar éileamh laghdaithe ar earraí. |

## CUID 2

**CEIST 4** **FIONTRAÍOCHT/BAINISTÍOCHT**

| | |
|---|---|
| **4(A)** | **Tabhair breac-chuntas ar thrí cinn de scileanna/thréithe fiontraíochta is gá chun go n-éireodh leis an bplean seo.**<br>• Nuálaíocht/tionscnaíocht – an cumas deiseanna nua a fheiceáil agus smaointe nua a chumadh e.g. úsáidí d'fhoirgnimh nach bhfuil in úsáid<br>• Deimhneach – a bheith ábalta dea-chinntí a dhéanamh go mear agus leis an bhfaisnéis atá ar fáil<br>• Réadúil – a bheith eolach ar a bhfuil réadúil agus a bhféadtar a bhaint amach sa bhaile e.g. na conairí siúil áitiúla<br>• Dul i riosca – a bheith toilteanach seans a ghlacadh, eolach go bhfuil riosca ann go dteipfidh air<br>• Dea-chumarsáid – chun níos mó gnó agus níos mó turasóirí a mhealladh<br>• Ceannairí – meáite ar a mbaile a fheabhsú |
| **4(B)** | **Úsáid dáta an lae inniu agus dréachtaigh an Fógra agus an Clár don chéad chruinniú de Choiste Athnuachana Ráth Naoi. (Ba chóir go mbeadh ar a laghad ceithre mhír ar an gClár.)**<br><br>**Coiste Athnuachana Ráth Naoi**<br><br>**Fógra**<br>14 Meitheamh 2012<br><br>Cuirfear an chéad chruinniú de Choiste Athnuachana Ráth Naoi ar siúl in Ionad Pobail Ráth Naoi Déardaoin an 21 Meitheamh 2012 ag 8.00i.n.<br><br>**Clár Oibre:**<br>1. Cur in aithne chomhaltaí an choiste<br>2. Aitheasc an Chathaoirligh<br>3. Pleananna/smaointe d'fhoirgnimh nach bhfuil in úsáid<br>4. Pleananna/smaointe do chonairí siúil<br>5. Forbairt plean turasóireachta<br>6. Smaointe tiomsaithe airgid<br>7. Aon Ghnó Eile/AGE (AOB)<br><br>Sínithe: *Dónall Ó Ceallaigh*<br>Rúnaí |

| | |
|---|---|
| **4(C)** | **Tabhair breac-chuntas ar dhá bhuntáiste a bhaineann le cruinnithe mar mhodh cumarsáide.**<br>• Is féidir fadhbanna a phlé agus réitigh a thairiscint<br>• Is féidir le daoine smaointe a mhalartú/tuairimí a thabhairt/réamhphleanáil a dhéanamh<br>• Cumarsáid duine le duine<br>• Is féidir cinntí a dhéanamh trí vótáil ar thograí<br>• Spreagann cruinnithe comhoibriú agus obair bhuíne. |
| **4(D)** | **Déan cur síos ar dhá fheidhm atá ag an gCathaoirleach ag cruinniú.**<br>• An clár oibre a dhréachtú, i gcomhairle leis an rúnaí<br>• Áirithiú go bhfuil córam ann, an cruinniú a oscailt agus é a reáchtáil ar mhodh ordúil<br>• Áirithiú go léitear miontuairiscí an chruinnithe roimhe, go nglactar leo agus go sínítear iad<br>• Áirithiú go gclóitear leis an gclár oibre/comhlíonadh buan-orduithe a áirithiú<br>• Cinntiú go bhfaigheann gach duine an deis páirt a ghlacadh ann agus a gcuid tuairimí a chur in iúl<br>• Plé a ligean ar ábhair ar an gclár oibre amháin<br>• Áirithiú go ndéantar aon vótáil de réir buan-orduithe<br>• D’fhéadfadh an cathaoirleach an vóta réitigh a bheith aige/aici i gcás comhionannas vótaí. |
| **4(E)** | **Tabhair breac-chuntas ar dhá bhuntáiste a bhainfidh Coiste Athnuachana Rath Naoi as pleanáil.**<br>• Socraíonn sí spriocanna/cuspóirí soiléire – is féidir leis an gcoiste faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn<br>• Cabhraíonn sí le fadhbanna/bagairtí a réamh-mheas – is féidir leis an gcoiste réitigh a ullmhú<br>• Sainaithníonn sí láidreachtaí – is féidir leis an gcoiste iad a úsáid chun sochair<br>• Sainaithníonn sí laigí – is féidir leis an gcoiste obair timpeall orthu<br>• Sainaithníonn sí deiseanna/acmhainní atá ag teastáil e.g. maoiniú – is féidir iasachtaíocht a phleanáil<br>• Cabhraíonn sí le ceannasaíocht agus le hinspreagadh – bíonn baint ag an bpobal ar fad léi<br>• Tacaíonn sí le hiarratas ar mhaoiniú – féadfaidh an coiste deontais forbartha a iarraidh. |

**CEIST 5** **BAINISTÍOCHT**

| | |
|---|---|
| **5(A)** | **Mínigh na trí théarma a bhfuil líne fúthu.**<br>**ÍMAT**<br>Íoc Mar a Thuillir – is cáin dhíreach í seo a íocann fostaithe mar chuid dá gcuid ioncaim/pá/tuarastail. Déanann an fostóir í a bhaint ar ráta sainithe ag an bhfoinse agus í a chur ar aghaidh chuig na Coimisinéirí Ioncaim. Is asbhaint reachtúil ó phá/thuarastal í.<br><br>**ÁSPC**<br>Árachas Sóisialta Pá-Choibhneasa – is scéim éigeantach árachais í seo do gach fostóir agus fostaí chun sochair dhífhostaíochta, bhreoiteachta, mháithreachais agus mhíchumais a chlúdach. Déantar é a ríomh mar chéatadán d'ioncam comhlán agus déanann an fostóir é a bhaint ag an bhfoinse agus is gá dó/di an méid iomlán (cuid an fhostaí agus an fhostóra) a chur ar aghaidh chuig an stát. Is asbhaint reachtúil ó phá/thuarastal í.<br><br>**Creidmheas Cánach**<br>Is ionann creidmheas cánach agus laghdú ar an méid cánach atá iníoctha ag an gcáiníocóir agus braitheann sé ar imthosca pearsanta an cháiníocóra. Cáin Chomhlán lúide Creidmheasanna Cánach = Cáin Iníoctha.<br>I measc samplaí de chreidmheas cánach, tá: Creidmheas na nDall, Creidmheas do Ghaol Cleithiúnach, Liúntas do Mhadra Treorach, Creidmheas do Chúramóir Baile, Creidmheas do Leanbh ar Éagumas, Creidmheas do Theaghlach Aontuismitheora, Creidmheas ÍMAT, Creidmheas Cíosa, Creidmheas Baintrí/Baintreach Fir. |
| **5(B)** | **Mínigh dhá cheann de na Prionsabail Árachais a leanas agus tabhair sampla amháin i ngach cás:**<br>**Leas Inárachais:**<br>Ní mór do dhuine a iarrann árachas leas airgeadais a bhaint as leanúnachas gnó na míre agus fulaingt óna caillteanas/damáiste.<br>*e.g.* is féidir le daoine a dteach féin a árachú ach níl aon leas inárachais acu i dteach a gcomharsan a árachú.<br><br>**Slánaíocht:**<br>Ní féidir le duine brabús a dhéanamh ó éileamh árachais. Beidh an cúiteamh a fhaightear ón árachóir cothrom leis an gcaillteanais airgeadais arna fhulaingt. Cosnaíonn sé seo an t-árachóir ar ró-árachas.<br>*e.g.* carr a árachaítear ar €10,000. Luach margadh €8,000. Ní bhfaighidh an t-árachaí ach cúiteamh €8,000 i gcás díscríofa.<br><br>**Meon Lánmhaith**<br>Agus foirm thogra le haghaidh árachais a chomhlánú, ní mór don árachaí gach fíric ábhartha a nochtadh go fírinneach don árachóir. Is ionann fíric ábhartha agus aon rud a théann i bhfeidhm ar an leibhéal riosca a iarrtar ar an árachóir a chumhdach agus gearrtar an táille árachais dá bhrí sin.<br>e.g. le linn mótarárachas a fháil, ní mór an cineál ceadúnais, éilimh roimhe sin (más ann dóibh), aois agus inscne a nochtadh. |

| | |
|---|---|
| **5(C)** | **Mínigh na téarmaí árachais:**<br><br>**(i) Éileamh**<br>Nuair a tharlaíonn iarbhír riosca atá cumhdaithe ag polasaí árachais, féadann an t-árachaí iarratas a dhéanamh leis an gcuideachta árachais d'fhonn airgead a fháil leis an gcaillteanas a chlúdach. Líonfadh sé/sí foirm éilimh amach ina ndéanfar cur síos ar an rud a tharla agus ar mhéid an chaillteanais.<br><br>**(ii) Cúiteamh**<br>Is é seo an méid airgid a íocann an t-árachóir leis an árachaí tar éis éileamh a dhéanamh ar chaillteanas a tharla agus tar éis don árachóir fáil amach go raibh an t-éileamh ceart. |
| **5(D)** | **Déan an Pá Glan Bliantúil a thugann Elaine abhaile léi a ríomh.**<br>Ioncam Comhlán €32,000<br>Lúide Asbhaintí:<br>ÍMAT (20% de 32,000) 6,400<br>Lúide Creidmheas Cánach – 3,600<br>ÍMAT Glan 2,800<br>ÁSPC (4% de 32,000) 1,280<br>MSU (3% de 32,000) 960<br>Iomlán na nAsbhaintí € 5,040<br>Pá Glan €26,960 |
| **5(E)** | **Roghnaigh Iasacht Théarmach nó Léasú agus tabhair breac-chuntas ar dhá bhuntáiste a bhaineann leis an bhfoinse airgeadais a roghnaíonn tú.**<br><br>**Iasacht Théarmach:**<br>(i) Tugann sí an buntáiste do Elaine a bheith ina gceannaí airgid agus lascaine a fháil<br>(ii) Roinntear aisíocaíocht thar roinnt blianta<br>(iii) Ní gá do Elaine fanacht agus airgead a choigilt i leith an chairr – tá úinéireacht láithreach aici<br>(iv) Beidh a fhios aici roimh ré méid agus líon na n-aisíocaíochtaí agus féadann sí buiséadú dá réir sin.<br>**Léasú:**<br>(i) Beidh Elaine in ann an carr a úsáid láithreach<br>(ii) Ní gá di cnapshuim a chur le chéile leis an gcarr a cheannach<br>(iii) Níl aon urrús ag teastáil<br>(iv) Ní gá di a bheith buartha faoi dhímheas an chairr<br>(v) D'fhéadfadh sí rogha a bheith aici an carr a cheannach nuair a bheadh an tréimhse léasa as feidhm. |

**CEIST 6** **BAINISTÍOCHT**

| | |
|---|---|
| 6(A) | **Mínigh dhá cheann de na feidhmeanna seo a leanas a bhaineann leis an bpost atá ag Deirdre mar Bhainisteoir Acmhainní Daonna:**<br><br>**(i) Oiliúint agus Forbairt**<br><br>• Baineann **oiliúint** le cur ar fáil na scileanna, an eolais agus na ndearcthaí a theastaíonn ó fhostaithe ionas go mbeidh siad ábalta a bpost a dhéanamh níos fearr.<br>• Cineálacha: Ionduchtú, Ar an láthair, Ar láthair eile.<br>• Feabhsaíonn oiliúint leibhéil scileanna agus méadaíonn sí meanma na foirne.<br><br>• Baineann **bhforbairt** leis na fostaithe a ullmhú chun freagracht nua/bhreise agus dúshláin nua/níos mó san ionad oibre a ghabháil orthu.<br>• Folaíonn sí: fostaithe ag tabhairt faoi chúrsaí teastais/dioplóma/céime/iarchéime agus faoi chúrsaí bainistíochta, a chuirfidh ar a gcumas tascanna eile a ghabháil orthu sa todhchaí.<br>• Ullmhaíonn sí fostaithe le haghaidh ardú céime, méadaíonn sí féinmheas agus tugann sí tuiscint níos leithne ar an ngnó dóibh.<br>• Mar sin féin, féadann sí a bheith costasach don ghnólacht; féadfaidh fostaithe eile colg a bheith orthu mura dtairgtear cúrsaí dóibh; féadfaidh fostaithe oilte aistriú go gnólacht eile.<br><br>**(ii) Earcú**<br><br>Is é seo an próiseas a bhaineann le hiarrthóirí oiriúnacha a mhealladh chun iarratas a dhéanamh ar fholúntais i ngnólacht. Cuimsíonn sé jabthuairisc, sonraíocht faoin bpearsa, fógraíocht agus iarratais a fháil.<br><br>**Roghnú**<br><br>Cinneadh a dhéanamh ar an iarrthóir is oiriúnaí don phost. Cuimsíonn sé seo scagadh, gearrliostú, agallaimh/trialacha inniúlachta, seiceáil teistiméireachtaí, tairiscint a dhéanamh leis an iarrthóir rathúil, conradh fostaíochta, agus fógra a thabhairt d'iarrthóirí neamhrathúla. |

| | |
|---|---|
| | **(iii) Caidreamh idir an Fostóir agus na Fostaithe**<br><br>Is gá dea-chaidreamh oibreachais a choinneáil in eagraíocht. Bíonn dearcthaí dearfacha foirne, táirgiúlacht níos airde, comhoibriú agus dea-atmaisféar san ionad oibre mar thoradh air seo.<br>Thiocfadh easpa inspreagtha, strus, díospóidí, neamhláithreacht agus táirgiúlacht íseal as droch-chaidreamh.<br><br>Ní mór do Bhainisteoir Acmhainní Daonna<br>• gnáthaimh chomhaontaithe a bhunú maidir le plé le saincheisteanna/díospóidí<br>• timpeallacht oibre thíriúil a chruthú<br>• cumarsáid oscailte, ionraic agus chothrom a dhéanamh le fostaithe<br>• bualadh leis an stíobhard ceardlainne ar bhonn rialta agus éisteacht le gearáin na bhfostaithe<br>• gníomhaíochtaí sóisialta a eagrú d'fhostaithe<br>• cúrsaí oiliúna/bainistíochta d'fhostaithe a éascú<br>• áirithiú go dtugtar tosaíocht do shláinte/shábháilteacht/leas na bhfostaithe. |
| **6(B)** | **Bíonn ar Dheirdre Jabthuairisc a ullmhú nuair a bhíonn sí ag earcú baill foirne nua. Tabhair breac-chuntas ar thrí rud a bhíonn san áireamh i Jabthuairisc.**<br><br>• Teideal an Phoist<br>• Sonraí maidir leis an obair<br>• Láthair na hoibre<br>• Dualgais agus freagrachtaí<br>• Tuarastal agus coinníollacha/uaireanta oibre<br>• An duine dá dtabharfaidh an t-iarratasóir tuairisc. |
| **6(C)** | **Mínigh na téarmaí 'Coimisiún' agus 'Sochar Comhchineáil' agus léirigh do fhreagra le sampla amháin de gach ceann díobh.**<br>**Coimisiún:**<br>• Íocaíocht bunaithe ar dhíolacháin – tuilleann an fostaí céatadán de luach na ndíolachán a dhéantar<br>• Úsáidtear é le baill foirne a spreagadh le níos mó a dhíol<br><br>*e.g.* féadfaidh baill foirne díolacháin coimisiún 4% a fháil ar dhíolacháin (de bhreis ar an mbunphá).<br><br>**Sochar Comhchineáil:**<br>Modh neamhairgeadais luach saothair a thugtar d'fhostaithe; tugtar 'peorcaisí' orthu freisin. Tá luach airgeadais aige atá faoi réir cáin ioncaim.<br><br>*e.g.* carr cuideachta, árachas sláinte, ballraíocht spórtlainne, béilí fóirdheontais. |

| | |
|---|---|
| **6(D)** | **Mínigh dhá bhuntáiste a bhaineann le hobair bhuíne (obair foirne).:**<br><br>• Feabhsaíonn sí meanma/inspreagadh/sásamh as post de chuid na bhfostaithe<br>• Comhroinntear obair/freagracht chomhroinnte/glacann gach ball páirt<br>• Cuirtear tascanna i gcrích níos tapa<br>• Déantar cinntí níos fearr/déantar réitigh a cheapadh níos fearr<br>• Gineann sí smaointe cruthaitheacha/féadann moltaí smaointe nua a chruthú<br>• Feabhsaítear caighdeán na hoibre. |
| **6(E)** | **Léirigh trí úsáid eile a bhainfeadh an Stór Ilrannach 'Uisce Geal' as Teicneolaíocht Faisnéise.**<br>(i) Fógraíocht – suíomh idirlín<br>(ii) Díolacháin ar líne – suíomh idirlín<br>(iii) Párolla – bogearraí párolla – Pá-chonair<br>(iv) Cuntais – pacáiste bogearraí cuntas – Sage, Quickpro – scarbhileoga<br>(v) Cumarsáid – ríomhphost/Facebook/Twitter<br>(vi) Rialú Stoic – EDI (idirmhalartú leictreonach sonraí)<br>(vii) EFTPOS (ríomhaistriú airgid ag an díolphointe) – idirbhearta ina n-úsáidtear cártaí Léasair. |

**CEIST 7 GNÓ I NGNÍOMH**

| | |
|---|---|
| **7(A)** | **Sainaithin dhá chúis ar chóir Plean Gnó a ullmhú:**<br><br>• Cuspóirí agus spriocanna an ghnólachta a leagan amach go soiléir<br>• Na hacmhainní atá ag teastáil a aithint<br>• Maoiniú a fháil ó infheisteoirí<br>• Infheisteoirí ionchais a mhealladh<br>• An lucht bainistíochta agus an fhoireann a spreagadh<br>• Treoir a thabhairt d'iarrachtaí an ghnólachta<br>• Fadhbanna a réamh-mheas agus réitigh fhéideartha a ullmhú. |
| **7(B)** | **Mínigh trí thoisc ba chóir do Ruairí a bhreithniú sula roghnaíonn sé foinse airgeadais.**<br>(i) Cuspóir – cinnfidh sé seo an bhfuil sé gearrthéarmach, meántéarmach nó fadtéarmach.<br>(ii) Costais maoinithe – an t-ús a ghearrtar – an ráta céatadánach bliantúil<br>(iii) Urrús comhthaobhach/Urrús atá ag teastáil – an bhféadann Ruairí cineál inghlactha a thairiscint más gá?<br>(iv) An riosca atá i gceist – an mbeidh sé ábalta na haisíocaíochtaí a íoc ag an am ceart?<br>(v) An éireoidh lena ghnólacht le linn na gcúinsí reatha eacnamaíochta?<br>(vi) An rachfar i bhfeidhm ar a smacht ar an ngnólacht? – *e.g.* athshealbhú sócmhainní. |
| **7(C)** | **Mínigh na roghanna táirgthe seo a leanas agus tabhair sampla amháin i ngach cás.**<br><br>**(i)** Jabtháirgeadh**:**<br>Táirgeann an ghnólacht earraí aonuaire le hordú – earraí costasacha d'ardchaighdeán – tá fostaithe ardoilte – tá an t-innealra/trealamh a úsáidtear costasach – costas ard táirgthe san aonad.<br>e.g. troscán lámhdhéanta, cultacha táilliúrtha, línéir turas mara.<br><br>**(ii)** Baisctháirgeadh.**:**<br>Is próiseas é seo ina dtáirgtear méid nó cainníocht áirithe táirge ag an am céanna, agus aistríonn táirgeadh go baisc/grúpa éagsúil ina dhiaidh sin. Cuirtear obair ar gach céim den phróiseas táirgthe i gcrích sula gcuirtear tús le baisc eile.<br>• Fostaithe oilte/leathoilte<br>• Úsáideann sé a lán inneall solúbtha/uathoibriú, ar nós oigheann i mbácús.<br>*e.g.* baisc builíní agus baisc scónaí ina dhiaidh sin. |

| | |
|---|---|
| **7(D)** | **Tabhair breac-chuntas ar dhá riosca agus ar dhá luach saothair a bhaineann le gnó a bhunú mar Thrádálaí Aonair.**<br>**Rioscaí:**<br>• Dliteanas neamhtheoranta má theipeann ar an ngnó/Caillteanas sócmhainní pearsanta e.g. teach.<br>• Ualach oibre trom/uaireanta fada/strus<br>• Tá sé deacair maoiniú a thiomsú, go háirithe sna cúinsí reatha eacnamaíochta<br>• Níl aon leanúnachas gnó ann<br>• Is féidir caillteanais a dhéanamh i roinnt blianta – níl aon fhoinse eile ioncaim ann<br><br>**Luachanna Saothair:**<br>• Smacht iomlán/déanann an Trádálaí Aonair na cinntí go léir<br>• Coinníonn sé/sí na brabúis go léir/ní bheidh air/uirthi cuntais a fhoilsiú<br>• Sásamh pearsanta má éiríonn leis an ngnó agus má chruthaítear go bhfuil cinntí ceart<br>• Ní gá a bheith ag obair do dhuine eile<br>• Éasca le bunú. |
| **7(E)** | **(i) Mínigh an téarma 'spriocmhargadh'**.<br><br>Is ionann **spriocmhargadh** agus an grúpa daoine ar a bhfuil an táirge nó an tseirbhís áirithe dírithe. Is féidir spriocmhargadh a shainmhíniú trí aois, leibhéal ioncaim, inscne, suíomh, stíl bheatha. (Daoine ag roinnt riachtanais chomónta).<br><br>**(ii) Ainmnigh dhá spriocmhargadh a d'fhéadfadh Ruairí a chur san áireamh.**<br><br>• Caifé luathmhaidine do dhaoine ag dul ar obair<br>• Bianna ísealchalra do dhaoine atá comhfhiosach maidir le sláinte/roghanna folláine<br>• Bia veigeatórach<br>• Bia beadaí<br>• Mearbhia<br>• Bia eitneach<br>• Bia orgánach<br>• Lónadóireacht baile<br>• Lónta scoile. |

**CEIST 8** **GNÓ I NGNÍOMH**

| | |
|---|---|
| **8(A)** | **Mínigh Taighde Allamuigh agus Taighde Deisce agus tabhair sampla amháin i ngach cás.**<br><br>**Taighde Allamuigh:**<br>Baineann sé sin le dul amach chuig an bpobal chun faisnéis nua a fháil go díreach ó chustaiméirí (Taighde Príomhúil)<br>*e.g.* foirmeacha ceistiúcháin/suirbhéanna, agallaimh – duine le duine/ar an teileafón, fócasghrúpaí, breathnóireacht.<br><br>**Taighde Deisce:**<br>Baineann sé sin le teacht ar fhaisnéis atá ar fáil cheana féin laistigh den ghnólacht nó lasmuigh de (eolas a bhailigh daoine eile). (Taighde Tánaisteach).<br>Samplaí: comhaid na cuideachta agus taifid ar dhíolacháin, an tIdirlíon, an Phríomh-Oifig Staidrimh, irisí agus irisleabhair thrádála, tuarascálacha Rialtais/eile. |
| **8(B)** | **(i) Mínigh an chiall atá leis an téarma 'Bealaí Dáileacháin'.**<br>**(ii) Léirigh, agus tú ag úsáid léaráide, bealach dáileacháin a bheadh oiriúnach d'Aislingí Milse Tta.**<br><br>**(i) Bealaí Dáileacháin:**<br>Tagraíonn sé sin do bhealaí/mhodhanna éagsúla ina n-aistrítear earraí ó tháirgeoir go tomhaltóir.<br><br>**(ii) Bealach Dáileacháin d'Aislingí Milse Tta.**<br><br>TÁIRGEOIR/DÉANTÓIR<br>↓<br>MÓRDHÍOLTÓIR<br>↓<br>MIONDÍOLTÓIR<br>↓<br>TOMHALTÓIR |
| **8(C)** | **Déan cur síos ar dhá mhodh chun Tionscnamh Díolacháin a dhéanamh a d'fhéadfadh Aislingí Milse Tta a úsáid chun díolacháin a mhéadú.**<br>(i) Ceannaigh ceann amháin, faigh ceann amháin saor in aisce/trí cinn ar phraghas péire<br>(ii) Samplaí in aisce (do mhórdhíoltóirí/do mhiondíoltóirí/do thomhaltóirí)<br>(iii) Laghdú praghais/pacaí praghasghearrtha<br>(iv) Comórtais/duaiseanna<br>(v) Tairiscint bhónais e.g. 25% sa bhreis saor in aisce<br>(vi) Bronntanas saor in aisce má cheannaítear méid áirithe<br>(vii) Cártaí Dílseachta/Scéimeanna Dílseachta |

| | |
|---|---|
| **8(D)** | **Tabhair breac-chuntas ar thrí thoisc nach mór d'Aislingí Milse Tta a chur san áireamh nuair a bhíonn siad ag socrú phraghas a gcuid táirgí.**<br>• Costas táirgthe/taighde agus forbairt – ní mór costais a ríomh agus a fhorchúiteamh ar feadh saolré an táirge.<br>• Iomaíocht – ní mór praghas a bheith cosúil le praghas iomaitheoirí chun sciar den mhargadh a ghnóthú<br>• Cineál táirge – tá seacláid agus milseogra meatach agus d'fhéadfaí go mbeadh pacáistiú speisialta ag teastáil uathu, rud a mhéadódh an praghas.<br>• Coinníollacha geilleagracha/éileamh – gearrtar praghsanna níos airde i ngeilleagar rathúil<br>• Pointe cothroime – an t-íosphraghas chun costais a chlúdach<br>• Tionchair shéasúracha – bíonn éileamh ar earraí áirithe nó bíonn siad á soláthar in aimsirí ar leith amháin *e.g.* brandaí speisialta seacláide ar phraghsanna níos airde um Nollag/margaí uibheacha seacláide na Cásca<br>• Cánacha an Rialtais/CBL – cuirfear iad leis an bpraghas deiridh<br>• Spriocmhargadh – féadfar praghsanna éagsúla a ghearradh i margaí éagsúla. |
| **8(E)** | **Tabhair breac-chuntas ar thrí bhuntáiste atá i mbrandáil d'Aislingí Milse Tta.**<br>• Cabhraíonn sí leis an táirge a aithint/déanann sí níos so-aitheanta é/idirdhealaíonn sí é ó tháirgí eile<br>• cruthaíonn sí dílseacht custaiméirí – tá claonadh ag tomhaltóirí cloí le táirge sásúil<br>• ceadaíonn sí táirgí nua a bhaineann leis an mbranda a sheoladh<br>• féadann ainm branda aithnidiúil praghas níos airde a éileamh, rud as a dtagann níos mó brabús. |